

Damhsa ar an sean-nós

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhamhsóir sean-nóis. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. múineann gá seift	a) <i>over the years</i>
2. soiscéal	b) <i>lockdown</i>
3. ar fud na cruinne	c) <i>gospel</i>
4. srianta	d) <i>in their element, content</i>
5. is iomaí stíl	e) <i>restrictions</i>
6. i gcaitheamh na mblianta	f) <i>the main reason is</i>
7. ar a sáimhín só	g) <i>necessity is the mother of invention</i>
8. is é an t-údar is mó	h) <i>many a style</i>
9. dianghlasáil	i) <i>globally</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9



Cad a bhí ag an duine in aice leat? Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Conas a mhúineann Emma O'Sullivan an sean-nós le linn na srianta is deireanaí COVID-19?
2. Cad a bhíodh sí ag déanamh ar shráideanna na Gaillimhe?
3. Cad as do na foghlaimeoirí atá ag Emma?
4. Cén áit ar bhuail sí le Briain Mac Leoid?
5. Cén fáth ar thosaigh Caoimhe Ní Ghriallais ag foghlaim damhsa ar an sean-nós?

Ceist 4 ‘...ar a *sáimhín* só...’

- Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla i gcló trom thuas?
- Líon na bearnaí sna habairtí thíos. Bain úsáid as an tábla seo chun cuidiú leat más gá.

mo dheartháir	m’athair
do dheartháir	d’athair
a dheartháir (his)	a athair (his)
a deartháir (her)	a hathair (her)
ár ndeartháir	ár n-athair
bhur ndeartháir	bhur n-athair
a ndeartháir	a n-athair

- Tá mo _____ (cat) ag éirí an-tanaí ar fad.
- An mbeidh a (their) _____ (aintín) ann?
- Beidh sibh ag ithe bhur _____ (dinnéar) ag an am sin.
- Is breá liom do _____ (cóta).
- Gheobhaidh tú na heochracha ina (her) _____ (mála).
- Tá na páistí ag fanacht ina (his) _____ (gluaisteán).
- Ná habair go bhfuil ár _____ (uncail) ag teacht!
- Ní raibh a (her) _____ (deirfiúr) ag an gcóisir.

Ceist 5 ‘...tá...’ agus ‘...feicimse...’

- Seo thíos na briathra mírialta san aimsir láithreach. Líon na bearnaí sa bhosca.

Abair	An ndeir tú?		Ní deir
Beir	An mbeireann sí?	Beireann	Ní bheireann
Bí		Tá	
Clois	An gcloiseann sé?		Ní chloiseann
Déan		Déanann	
Faigh	An bhfaigheann sibh?	Faigheann	
Feic		Feiceann	
Ith	An itheann tú?	Itheann	
Tabhair			Ní thugann
Tar	An dtagann sé?		Ní thagann
Téigh		Téann	

- Bain úsáid as na briathra ar fad chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoina s(h)aol laethúil. Bí cúramach! Beidh sé/sí féin ag cur ceisteanna ortsa freisin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

- An bhfuil dúil agat sa damhsa sean-nóis? Cén fáth?
- Cad a cheapann tú faoi amhránaíocht ar an sean-nós?
- Conas a chuireann damhsa agus ceol le meabhairshláinte an duine, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9
g	c	i	e	h	a	d	f	b

Ceist 2

Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

An Aidiacht Shealbhach.

1. Tá mo **chat** ag éirí an-tanaí ar fad.
2. An mbeidh a **n-aintín** ann?
3. Beidh sibh ag ithe bhur **ndinnéir** ag an am sin.
4. Is breá liom do **chóta**.
5. Gheobhaidh tú na heochracha ina **mála**.
6. Tá na páistí ag fanacht ina **ghluaisteán**.
7. Ná habair go bhfuil ár **n-uncail** ag teacht!
8. Ní raibh a **deirfiúr** ag an gcóisir.

Ceist 5

1.

Abair	An ndeir tú?	Deir	Ní deir
Beir	An mbeireann sí?	Beireann	Ní bheireann
Bí	An bhfuil sibh?	Tá	Níl
Clois	An gcloisimid?	Cloiseann	Ní chloiseann
Déan	An ndéanann sé?	Déanann	Ní dhéanann
Faigh	An bhfaigheann sibh?	Faigheann	Ní fhaigheann
Feic	An bhfeiceann sí?	Feiceann	Ní fheiceann
Ith	An itheann tú?	Itheann	Ní itheann
Tabhair	An dtugaimid?	Tugann	Ní thugann
Tar	An dtagann sé?	Tagann	Ní thagann
Téigh	An dtéann sí?	Téann	Ní théann

2. Tabhair deis do gach beirt na briathra a úsáid chun ceisteanna a chur ar a chéile.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Múineann gá seift agus tá an damhsóir sean-nóis, Emma O'Sullivan, ag scaipeadh soiscéal an tsean-nóis ar fud na cruinne ó cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm. Is ar *Zoom* a mhúineann Emma a cuid steipeanna anois agus tá méadú mór ar líon na bhfoghlaimeoirí thar lear.

Aodhán Ó Maoileoin

Is iomaí stíl dhifriúil damhsa ar an sean-nós atá ag daoine. Baintear úsáid as scuaba¹, bairillí agus bíonn a chuid steipeanna féin ag gach uile dhuine. Tá cáil ar fud an domhain ar an damhsóir ar an sean-nós, Emma O'Sullivan, agus is iomaí stáitse feicthe aici i gcaitheamh na mblianta. Bhíodh sí ag tarraingt na sluaite ar shráideanna na Gaillimhe lena taispeántais sráide. Ach mar gheall ar an dianghlasáil is deireanaí ní raibh sí in ann leanacht² ar aghaidh leis agus shocraigh sí ranganna a dhéanamh ar líne. Zoom-nós a thugann a cuid scoláirí air.

Emma O'Sullivan, Rinn Mhaoile

D'fhógair mé ranganna *zoom* agus tháinig daoine ó gach uile thaobh den domhan. Oibríonn sé mar is rud é – tá siad in ann é a dhéanamh óna dtithe féin agus le linn na dianghlasála. Bhí imní orm ar dtús go mbeadh siad deacair le múineadh ach deir na scoláirí go bhfuil siad soiléir agus éasca le leanacht.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá leathchéad duine as gach uile áit ar fud na cruinne ag glacadh páirte, ina measc, deichniúr as an tSeapáin agus deichniúr as an Airgintín agus iad in ann sin a dhéanamh ar a sáimhín só sa mbaile.

Briain Mac Leoid, Leódhas, Albain

Bhuail mé le Emma den chéad uair i gCeap Bhreatainn cúpla bliain ó shin, áit a raibh sí ag tabhairt taispeántas den damhsa sean-nóis ag Féile Idirnáisiúnta *Celtic Colours* agus bhí spéis láidir agam i gcónaí i sean-nós mar go bhfuil sé chomh láidir sin lenár ndamhsa traidisiúnta i gCeap Bhreatainn.

Caoimhe Ní Ghriallais, Indreabhán

Is é an t-údar is mó gur thosaigh mé á dhéanamh ná mar bhí mé ag iarraidh rud éigin difriúil a dhéanamh le linn an dara dianghlasáil a tháinig i bhfeidhm ansin cúpla seachtain ó shin. Bhí tú cineál ag iarraidh rud éigint³ a dhéanamh tráthnóna, so, feicimse anois go bhfuil sé i bhfad níos éasca é a dhéanamh ón mbaile

Aodhán Ó Maoileoin

An bhfeicimid ag *Steip* anois an chéad bhliain eile tú?

Caoimhe Ní Ghriallais, Indreabhán

Ní fheicfidh anois, fágfaimid é ag Emma agus ag an dream atá go maith aige sin.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá an teicneolaíocht ag tabhairt an-chúnamh sa tréimhse dhianghlasála le gur féidir le daoine rudaí nua a fhoghlaim agus a mhúineadh.

Is cinnte go bhfuil tuilleadh ranganna agus tuilleadh cleachtaidh ag teastáil ó chuid againn.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

¹ *scuabanna* a dúradh

² *leanúint* an leagan caighdeánach

³ *éigin* an leagan caighdeánach